

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 16 Feabhra 2023 – an Coimisiún Eorpach v Poblacht na hIodáile, Ríocht na Spáinne

(Cás C-635/20 P) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Rialacha i dtaobh teangacha – Fógraí faoi chomórtais oscailte d'earcú imscrúdaitheoirí gairmiúla agus ceannairí foirne imscrúdaitheoirí – Scileanna teanga – Srian a chur le rogha an dara teanga comórtas don Bhéarla, don Fhraincis agus don Ghearmáinis – Teanga na cumarsáide leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO) – Rialachán Uimh 1 – Rialacháin Foirne – Airteagal 1d(1) – Difríocht cóireála ar fhorais teanga – Údar – Leas na seirbhíse – Ceanglas riarthóirí atá “ábailta dul i mbun oibre láithreach” a earcú – Athbhreithniú breithiúnach – Caighdeán cruthúnais de dhíth)

(2023/C 127/03)

Teangacha an cháis: an Spáinnis agus an Iodáilis

Páirtithe

Achomharcóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Gattinara, T. Lilamand, D. Milanowska agus M. N. Ruiz García, Gníomhairí)

Páirtithe eile sna himeachtaí: Ríocht na Spáinne (ionadaithe: L. Aguilera Ruiz agus A. Gavela Llopis, Gníomhairí), Poblacht na hIodáile (ionadaithe: G. Palmieri, Gníomhaire, le cúnaimh ó P. Gentili, avvocato dello Stato)

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a íoc agus na costais arna dtabhú ag Ríocht na Spáinne agus Poblacht na hIodáile a íoc.

⁽¹⁾ IO C 28, 25.1.2021.

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (An Tríú Dlísheomra) an 16 Feabhra 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Upper Tribunal (Tax and Chancery Chamber) — an Ríocht Aontaithe) – Gallaher Limited v The Commissioners for Her Majesty’s Revenue & Customs

(Cás C-707/20 ⁽¹⁾, Gallaher)

(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas díreach – Cáin chorparáide – Airteagail 49, 63 agus 64 CFAE – Saoirse bunaíochta – Saorghluaiseacht caipitil – Diúscairt sócmhainní laistigh de ghrúpa cuideachtaí – Cuideachta a bhfuil cónaí uirthi chun críoch cánach i mBallstát a bhfuil a máthairchuideachta ina cónaí chun críoch cánach i mBallstát eile agus a bhfuil cónaí chun críoch cánach ar a chomhchuideachta i dtríú tír – Cearta maoinne intleachtúla a aistriú ón gcuideachta a bhfuil a cónaí chun críoch cánach uirthi i mBallstát chuig a comhchuideachta a bhfuil a comhchónaí chun críoch cánach aici i dtríú tír – Diúscairt ag an gcuideachta a bhfuil cónaí uirthi chun críoch cánach i mBallstát de scaireanna ceann dá fochuideachtaí chuig a máthairchuideachta a bhfuil cónaí uirthi chun críoch cánach i mBallstát eile aici – Comaoin atá comhionann le luach margaidh na sócmhainní a aistríodh – Díolúine cánach nó cánachas ag brath ar staid cheanncheathrú na cuideachta tairbhí)

(2023/C 127/04)

Teanga an cháis: an Béarla

An chúirt a rinne an tarchur

Upper Tribunal (Tax and Chancery Chamber)

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Gallaher Limited

Cosantóir: The Commissioners for Her Majesty's Revenue & Customs

An chuid oibríochtúil

- 1) Maidir le hAirteagal 63 CFAE, ní mór léiriú a dhéanamh sa chaoi nach dtagann reachtaíocht náisiúnta nach bhfuil feidhm aici ach maidir le grúpaí cuideachtaí faoina raon feidhme.
- 2) Maidir le hAirteagal 49 CFAE, ní mór léiriú sa chaoi nach ionann reachtaíocht náisiúnta atá faoi réir dliteanas cánach láithreach diúscairtsócmhainní arna déanamh ag cuideachta a bhfuil cónaí uirthi i mBallstát ó thaobh cánach de chuid comhchuideachta a bhfuil cónaí uirthi ó thaobh cánach i dtríú tír agus nach seolann gnó sa Bhallstát sin trí bhuanbhunaíocht, i gcás inar fochuideachtaí 100 % an dá chuideachta sin de chuid máthairchuideachta chomhchoiteann a bhfuil cónaí cánach uirthi i mBallstát eile, agus srian ar shaoirse bunaíochta na máthairchuideachta seo, de réir bhrí Airteagal 49 CFAE, i gcás go ndéanfaí diúscairt den sórt sin ar bhonn cánach-neodrach, dá mbeadh áit chónaithe chun críocha cánach ag an gcomhchuideachta freisin sa chéad Ballstát nó gnó a sheoladh aige ann trí bhuanbhunaíocht.
- 3) Maidir le hAirteagal 49 CFAE, ní mór léiriú sa chaoi go bhféadfaí údar a thabhairt do shrian ar an gceart chun saoirse bunaíochta de thoradh na difríochta sa láimhseáil idir diúscairtí náisiúnta agus trasteorann sócmhainní a dhéantar ar chomhoin laistigh de ghrúpa cuideachtaí faoin reachtaíocht náisiúnta atá faoi réir dliteanais cánach láithreach diúscairt sócmhainní arna déanamh ag a cuideachta a bhfuil cónaí uirthi i mBallstát cánach, i bprionsabal, mar gheall ar an ngá atá le dáileadh cothrom cumhachtaí cánachais idir na Ballstáit a chaomhnú, gan gá foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht íocaíocht na cánach a iarchur chuig comhréireacht an tsriain seo a ráthú, nuair a bheidh méid comhionann le margadhluach iomlán na sócmhainní sin faighte ag an gcáiníocóir lena mbaineann, mar mhalairt ar na sócmhainní a dhiúscairt.

(¹) IO C 110 an 29.3.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 16 Feabhra 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó Juzgado de lo Mercantil nº 3 de Valencia – an Spáinn) – Tráficos Manuel Ferrer S.L., Ignacio v Daimler AG

(Cás C-312/21 (¹) Tráficos Manuel Ferrer)

(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Cúiteamh an damáiste a rinneadh trí chleachtas a thoirmisctear le hAirteagal 101(1) CFAE – Cinneadh ón gCoimisiún ina gcinntear gurb ann do shocrúithe claonpháirteacha maidir le praghsanna a shocrú agus méadú ar ollphraghsanna ar thrucaíl sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) – Riail an nós imeachta shibhialta náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina nglactar go páirteach leis an iarratas, go mbeidh na costais le híoc ag gach páirtí, ach amháin i gcás iompar mí-úsáideach – Neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát – Prionsabail na héifeachtachta agus na coibhéise – Treoir 2014/104/AE – Cuspóirí agus cothromaíocht fhoriomlán – Airteagal 3 – An ceart chun cúiteamh iomlán a fháil as an damáiste a fulaingíodh – Airteagal 11(1) – Dliteanas comhpháirteach agus leithleach de bharr sárú ar dhlí na hiomaíochta – Airteagal 17(1) – An fhéidearthacht go ndéanfaidh cúirteanna náisiúnta an damáiste a mheas – Coinníollacha – É a bheith nach mór dodhéanta nó ró-dheacair an damáiste a chainníochtú – Airteagal 22 – Cur i bhfeidhm ó thaobh ama de)

(2023/C 127/05)

Teanga an cháis: an Spáinnis

An chúirt a rinne an tarchur

Juzgado de lo Mercantil nº 3 de Valencia